**Under 15 and Under 18 Comhrá Competition**

**Sligo County Fleadh *Comhrá* Competition**
**Age Categories: Under 15 /Under 18**
**Date: Saturday June 1st 2024 (bank holiday weekend)**
**Venue: Easkey College, Easkey, Co. Sligo**
**Closing date for entries: 5th April 2024**

**Comhrá Competition –**
**The Comhrá competition consists of:**

- **Comhrá: The competitor having a conversation Comhrá with the adjudicator as Gaeilge.**
- **Eolas: They must have some information on organisations that promote Irish culture. Two of those are: Comhaltas Ceoltóirí Éireann and Cumann Lúthchleas Gael. Some information on local branches of the organisation must be included. The other organisations are: Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Raidio na Gaeltachta, Teilifís na Gaeilge(TG4)**
- **Dán nó Scéal Each participant must recite a poem of their own choice or tell a short story of their own choice as well. The competition will last between 7 and 10 minutes altogether.**

**Below this is a Help Sheet with some questions to help competitors prepare for the Comhrá competition, and some information on two of the above listed organisations, Comhaltas Ceoltóirí Éireann and Cumann Lúthchleas Gael. It is a preparation sheet only to help students converse on a given topic. The competitor will not be asked each question listed.**

**Age Categories for Secondary School are:**
**Under 15/Under 18. Age rules: The child must not turn the age they are competing under in the calendar year 2024. For example, if a child turns 15 any time in 2024 they must compete in the Under 18 age category.**

**Entry Forms:**
**The 2024 entry form is enclosed with this email. Closing date is 5th April 2024.**
**Entry forms can also be downloaded and printed off from Sligo County Fleadh 2024 FaceBook Page. Entry has to be by paper entry form.**

**The Entry fee is €3. Cheques should be made payable to Sligo CCÉ.**

**If the competitor is a member of a Comhaltas Branch and he/she is entering other competitions in the Fleadh, enter all competitions on one entry form and return to your branch secretary before Friday 5th April 2024.**

**For non-members entries to be returned to For non-members entries to be returned to, Tim Mulcahy, Chairperson CCÉ, Keenaghan, Ballymote, County Sligo.**

## Some Questions to Help

### Mé féin

Inis dom fút féin. Cad is ainm duit? Cén aois thú? Cá bhfuil tú i do chónaí?

### An Chlann (An Teaghlach)

Inis dom faoi do chlann. Cé atá sa chlann? An bhfuil deartháireacha/ deirfiúracha agat? Cé hé/hí an duine is óige/is sine?
An dtéann tú ar laethanta saoire le do chlann?
An réitíonn tú go maith leo, de ghnáth? An mbíonn sibh ag argóint anois agus arís? Cé a bhuann, de ghnáth? An réitíonn tú le do thuismitheoirí an t-am uilig? An mbíonn sibh ag argóint? An éisteann siad leat, de ghnáth?

### An Ceantar

Cá bhfuil tú i do chónaí? Deán cur síos ar do cheantar. Dá mbéinn i mo thurasóir cad a bheadh le feiceáil nó le déanamh agam i d'áit chónaithe?
An bhfuil trá/ tránna/ sléibhte/ abhainn/ aibhneacha / lochanna / caisleán/ seanhfoirgnimh, tuamaí ársa (ancient tombs) i do cheantar?
**An maith leat d'áit chónaithe**? An bhfuil mórán áiseanna ann? An bhfuil áiseanna ann do dhaoine óga ann? An bhfuil fabhbanna i do cheantar?
**Cad a d'athrófá i do cheantar?** An gcuirfeá níos mó siopaí ar fáil do dhaoine óga / cáife do dhaoine óga / ionad chun buaileadh le chéile?

### An Scoil

Inis dom faoin mheánscoil. Cá dtéann tú ar scoil? An scoil meascaithe í? An maith leat é sin? Cén bhliain ina bhfuil tú? An bhfuil scrúdú mór a dhéanamh agat i mbliana? An bhfuil tú neirbhíseach faoi?
Cé mhéad scoláire atá ag freastal ar do scoil? Cé mhéad múinteoir atá ag obair sa scoil?
**Cad iad na hábhair scoile a dhéanann tú?** Cad iad na hábhair a thaitníonn leat/ nach dtaitníonn leat agus cén fáth?
An bhfuil mórán áiseanna i do scoil? An bhfuil go leor áiseanna inti, i do thuairim?
**An bhfuil rialacha i do scoil?** Cad a cheapann tú faoi na rialacha? An bhfuil siad ródhian? Cad a tharlaíonn má bhristear na rialacha?
An imríonn tú spórt ar scoil? An bhfuil tú ar fhoireann scoile ar bith?
**An ndeachaigh tú ar thuras scoile ariamh**? Inis dom faoi. Cad a bhí ar siúl agaibh?
**An maith leat scrúdaithe/ obair bhaile?** An bhfuil an-iomarca scrúdaithe le déanamh? **Cad a cheapann tú faoin chóras oideachais in Éirinn**? An bhfuil an iomarca béime ar na scrúdaithe? **An athrófá aon rud faoi?**

**Caithimh Aimsire**

**Cad iad na caithimh aimsire atá agat?** Cad a bhíonn ar siúl agat tar éis na scoile gach trathnóna? Cad a bhíonn ar siúl agat, de ghnáth ag an deireadh seachtaine? Conas a ligeann tú do scith, de ghnáth?

An bhfuil suim agat i spórt? An dtéann tú go traenáil? An bhfuil tú ar fhoireann spóirt ar bith? An bhfuil suim agat i gceoil? An seinneann tú uirlis ceoil? An maith leat a bheith ag cleachtadh ceoil/ag traenáil?

**Cad iad na buntáistí a bhaineann le caitheamh aimsire a chleachtadh?** An mbíonn sé suaimhneach/ an dtugann sé sós duit ón staidéar/ ó anró an tsaoil? (difficulties of life)

**Cúrsaí Spóirt**

An bhfuil suim agat i spórt? An bhfuil tú ar fhoireann áitiúil / ar fhoireann na scoile? An bhfuil tú i do bhall de chlub spóirt/ de Chumann Lúthchleas Gael?

**An maith leat an Rang Corpoideachais ar scoil?** Cad a dhéanann tú sa rang?

An dtéann tú go dtí an giomnáisiam go minic? **An bhfuil aclaíocht tábhachtach don chorp?**

**An dtugann tú tacaíocht d'aon fhoireann? An mbíonn tú ag tacú le foireann ar bith?**(Do you support) / foireann sa phríomhroinn sacair (premiership)? An mbíonn tú ag tacú le do chlub áitiúil sa pheil? Cén t-imreoir is fearr leat?

**An bhfuil buntáistí ag baint le bheith ag imirt spóirt?** An mbíonn tú ag féachaint ar spórt ar an teilifís?

**Ceol/Teilifís/ Pictiúrlann/ Léitheoireacht**

**An dtaitníonn ceol** leat? Cén saghas ceoil a thaitníonn leat? Cén grúpa ceoil / cén t-amhránaí is fearr leat?

An seinneann tú uirlis ceoil? An bhfuil tú i do bhall de ghrúpa ceoil?An bhfuil tú i do bhall de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann?

An mbíonn tú ag éisteacht le ceol ar d'fhón póca?

**An bhfuil ceol tábhachtach, i do thuairim?** An dtugann sé sós duit ón staidéar?

**An mbíonn tú ag féachaint ar an teilifís/ ar Youtube**? Cén saghas cláir is fearr leat? An mbíonn tú ag féachaint ar chláir spóirt? An maith leat An Nuacht ar an teilifís? An mbíonn sé leadránach do dhaoine óga?

An dtéann tú go dtí an phictiúrlann/ an amharclann/ an leabharlann le do chairde?

**An bhfaca tú scannán le déanaí**? Inis dom faoi. An raibh sé greannmhar nó an raibh aicsean(action) ann nó an scannán eachtraíochta( adventure)/nó scannán ghrá a bhí ann? Cad iad na carachtair a bhí ann?

**An maith leat bheith ag léamh?** Cén saghas leabhair/ Cén t-údar is fearr leat? An bhfuil leabhar a léamh agat faoi láthair? Inis dom faoi.

**An maith leat bheith ag imirt físchluichí** (gaming) **nó bheith ar na meáin shóisialta?** An bhfuil míbhuntáistí ag baint leo, i do thuairim?

**An maith leat bheith ag siopadóireacht**? Cad iad na siopaí is fearr leat?An dtéann tú ag siopadóireacht le do chairde? An bhfuil go leor siopaí do dhaoine óga i do cheantar? An gceannaíonn tu éadaí agus earraí eile ar líne?

**An Deireadh Seachtaine**

Cad a dhéanann tú ag an deireadh seachtaine, de ghnáth.

Cad a dhéanfaidh tú an deireadh seachtaine seo chugainn?
Conas a chaith tú an deireadh seachtaine seo caite?

**Cairde**

An bhfuil a lán cairde agat? An bhfuil siad uilig ag freastal ar do scoil? **Cad a dhéanann sibh le chéile?** An mbuaileann sibh le chéile ag an deireadh seachtaine? An mbíonn sibh ag seoladh teachtaireachtaí ar an bhfón póca sa tráthnóna?
An mbíonn/raibh argóint agat le do chairde riamh?
An bhfuil chairde tábhachtach i do shaol?

**Laethanta Saoire**

Cad a dhéanfaidh tú i rith an tsamhraidh? An rachaidh tú ar laethanta saoire le do chlann? **An raibh tú ariamh thar lear?** Inis dom faoi. Cad iad na difríochtaí idir an tír/áit ina raibh tú agus Éirinn? An raibh a lán tráchta,a lán foirgneamh, aimsir ghrianmhar ann..?
An rachaidh tú ar laethanta saoire i rith an tsamhraidh?
**An raibh tú ar laethanta saoire an bhliain seo caite?** Cá ndeachaigh tú? Conas a bhí an aimsir? Cad a bhí ar siúl agat ansin? Ar thaitin sé leat? Ar mhaith leat dul ar ais arís?
**Cá rachfá dá mbeadh rogha agat?** Rachainn go Nua Eabhrac mar…

**Tríú Léibhéal**

**Cad ba mhaith leat a dhéanamh nuair a chríochnaíonn tú an mheánscoil?** An bhfuil mórán pointe de dhith ort don chúrsa sin? Cén fáth a roghnaigh tú an cúrsa seo? **Cén sort oibre ar mhaith leat a dhéanamh?** An gceapann tú go bhfuil sé costasach dul ar an ollscoil le cúpla bliain anuas? An mbíonn an iomarca le hioc ar lóistín ag tuismitheoirí?

**An Ghaeilge/ an Ghaeltacht/TG4**

**An raibh tú ariamh i gcoláiste Samhraidh** /sa Ghaeltacht? Inis dom faoi. Ar bhain tú taitneamh as? Cad a rinne tú i rith an lae/ san iarnóin/sa tráthnóna? Cad a thaitin leat faoi? Cad a bhí deacair faoi? An bhuail tú le cairde nua ann? An ndeachaigh tú ar ais níos mó na uair amháin? An rachaidh tú ar ais arís i mbliana?
**An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach, i do thuairim?**
Cad a dhéanfá chun an Ghaeilge a fheabhsú dá mbeifeá i d'Áire Oideachais?
**An mbíonn tú ag féachaint ar TG4?** An maith leat é?

**Saol an Déagóra /An t-Aos Óg**

An bhfuil saol deacair ag déagóirí san lá atá inniu ann?
**An mbíonn piarbhrú** (peer pressure**) orthu**? An mbíonn brú orthu bheith ag ól/ drugaí a thógáil/ bheith gníomhach ar na meáin shóisialta?
**An bhfuil an iomarca staidéir/ obair bhaile/scrúdaithe le déanamh acu?** An mbíonn brú orthu pointí a fháil san Ardteist agus cúrsa a fháil ar an ollscoil?
**An mbíonn fadhbanna meabhairshláinte ar dhéagóirí** mar gheall ar an bhrú a bhíonn orthu? Cad a cheapann tú faoin chúram sláinte mheabhrach in Éirinn? (mental health care)
**Cad a dhéanfá dá mbeifeá i d'Aire Slainte chun cabhair a thabhairt do dhéagóirí atá faoi bhrú?**
An bhfuil saol maith agat féin go pearsanta?

**Fón Póca agus Teicneolaíocht**

Cad a cheapann tú faoin teicneolaícht/ faoin fhón póca? **An bhfuil sé riachtanach san lá atá inniu ann?**

**Cad is féidir leat a dhéanamh ar an bhfón póca?** An bhfuil sé úsáideach, áisiúil, acmhainneach, oideachasúil? (useful, handy, resourceful, educational)

**Cad iad na buntáistí/ na míbhuntáistí atá ag baint leis an teicneolaíocht/fón póca?**

An mbíonn daoine óga róthugtha don bhfón póca/ do na meáin shóisialta? An mbíonn brú ar dheagóirí bheith ar na meáin shóisialta?

**Cad é do thuairim faoi cibearbhulaíocht? An mbíonn sé ró-easca rud éigin a scríobh ar shuíomhanna meáin shóisialta?**

**Fadhbanna Sóisialta**

**An bhfuil a lán fadhbanna sóisialta in Éirinn faoi láthair?**

Cad a cheapann tú faoin choireacht, fadhbanna le mí-úsáid alcóil, le mí-úsaid drugaí? (crime, alcohol and drug problems?)

Cad í an fhadhb is mó atá in Éirinn faoi láthair?

**An bhfuil go leor a dhéanamh ag na polaiteoirí?**

Dá mbeifeá i do thaoiseach cad a dhéanfá faoi na fadhbanna sóisialta?

**An gcuireann an easpa dídine(lack of housing) isteach ar mhic léinn a bhíonn ag lorg lóistín ar an ollscoil?**

**EOLAS  Information on the Irish Organisations**

**Below is some information on Comhaltas Ceoltóirí Éireann agus ar Chumann Lúthcleas Gael.  The other organisations that can be talked about are: Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Foras na Gaeilge, Raidio na Gaeltachta, Teilifís na Gaeilge (TG4)**

**An bhfuil aon eolas agat ar Chomhaltas Ceoltóirí Éireann?**

**Bunaíodh** Comhaltas Ceoltóirí Éireann sa bhliain míle naoi gcéad caoga a haon (1951). Bíonn Comhaltas ag plé le ceol traidisiúnta, le hamhránaíocht, le damhsa agus leis an Ghaeilge.

**Tá craobhacha** ar fud na hÉireann agus thar lear.

**Eagraíonn** Comhaltas na Fleadhanna Ceoil. Bíonn  Fleadh Cheoil ag gach contae, Fleadh Cheoil ag gach cúige agus sa deireadh bíonn Fleadh Cheoil na hÉireann ann. Beidh Fleadh Cheoil na hÉireann ar siúl ar an Mhuileann gCearr I Mí Lunasa i mbliana.

Is é Éamonn Ó hEargáin Uachtarán an Chomhaltais.

**An bhfuil aon eolas agat ar do chraobh aitiúil? ( Information about your local branch)**

***Tá mé i mo bhall*** *de Chraobh …….   Níl mé i mo bhall de chraobh ar bith ach tá craobh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann gar liom  ……  Téim go ranganna ceoil gach Satharn i ……. Téann mo chairde freisin. Is aoibhinn liom….Tá mé i gcomórtas féadóg stáin/ fidil faoi 15/18…… Bíonn seisiúin ceoil  ar siúl againn go mini agus buailim le mo chairde.*

***Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith i do bhall de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann? An mbíonn cairde agat? An mbíonn sibh ag seinm le chéile?***

**An bhfuil aon eolas agat ar Chumann Lúthcleas Gael**

**Bunaíodh** Cumann Lúthcleas Gael sa bhliain míle ocht gcéad ochtó a ceathair (1884).

**Bíonn Cumann Lúthcleas Gael** ag plé le cluichí peile, iománaíochta agus camógaíochta. Tá clubanna ar fud na hÉireann agus thar lear. Is é Jarlath Burns Uachtarán Cumann Luthcleas Gael. **Eagraíonn** Cumann Lúthchleas Gael cluichí Cumann na mBunscoil.

**An bhfuil aon eolas agat ar do chlub aitiúil? (Is leor cúpla abairt)**

***Tá mé i mo bhall*** *de chlub. Níl mé i mo bhall de chlub ar bith ……… Ta mé i mo bhall de Chlub…. Téim go traenáil peile gach Satharn i bPáirc Imeartha. Téann mo chairde freisin. Is aoibhinn liom….****Tá mé ar fhoireann*** *faoi 15/16/18. Bíonn cluichí ar siúl againn idir clubanna eile sa chontae faoi 12/14.*

***Cad iad na buntáistí a bhaineann le bheith i do bhall de Cumann Lúthcleas Gael? An mbíonn cairde agat?***

**DÁN NÓ SCÉAL Caithfidh gach iomaitheoir dán da rogha féin a aithris nó scéal gairid a insint. Each competitor must recite a poem or tell a short story of their own choice.**